Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

Iarratas ar Dhochar Díreach Duaisbhannaí

31 Iúil 2024 - Léigh nótaí thall

Chun Duaisbhannaí a cheannach trí Dhochar Díreach, ní mór duit a bheith i do Chustaiméir Coigiltis Stáit reatha le hUimhir Chustaiméara Coigiltis Stáit. Ba chóir do chustaiméirí nua 'an Fhoirm Iarratais do Chustaiméirí Nua Coigiltis Stáit' atá ar fáil in Oifig an Phoist nó **StateSavings.ie** a chomhlánú ar dtús

Roinn 1 – Sonraí Sealbhóra/Sealbhóirí Duaisbhannaí - Tá gach réimse marcáilte le* éigeantach

	Painéal 1 An Chéad sealbhóir ainmnithe	**Painéal 2** An Dara sealbhóir ainmnithe (Seolfar gach comhfhreagras chuig an seoladh i bPainéal 1)
Uimhir Chustaiméara Coigilteas Stáit (SSCN)		
Uimhir Chuntais Duaisbhannaí	(8 Uimhriúil) (3 Alfa)	
* Teideal	☐ An tUasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx	☐ An tUasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx
* Céadainm(neacha)		
Ainm Láir		
* Sloinne		
* UPSP		
* Dáta breithe	LL MM BBBB	LL MM BBBB
* Seoladh líne 1		
* Seoladh líne 2		
* Cathair/Baile		
* Contae		
* Tír		
Éirchód		
Uimh. Theileafóin teagmhála		
Seoladh ríomhphoist		

Roinn 2 - Foinse na gCistí agus na Roghanna Íocaíochta Duaise

*Foinse na gCistí (Cuir tic leis an rogha chuí thíos)

☐ Coigilteas Pearsanta ☐ Duaisbhannaí ☐ Cistí a Fuarthas le hOidhreacht ☐ Eile - tabhair sonraí

Roghanna Íocaíochta Duaise (Roghnaigh rogha amháin - A nó B) ☐

A) Ba mhaith liom/linn duaiseanna a thaisceadh le mo Chuntas Bainc SEPA atá curtha ar fáil thíos:

IBAN

"Aontaím/Aontaímid go gcuirfear aon duaiseanna amach anseo chun sochair don IBAN atá tugtha agus gur léigh agus go dtuigimid nótaí 4 & 5 thall a bhaineann le **cáipéisíocht atá ag teastáil agus** le sábháil agus athúsáid fhéideartha an IBAN ainmnithe. Tá sínithe GACH sealbhóra **éigeantach** agus ní mór dóibh an dá dhearbhú a shíniú ar an bhfoirm seo."

Síniú an 1ú Sealbhóir Ainmnithe

Síniú an 2ú Sealbhóir Ainmnithe

Nótaí:

1. Tabhair faoi deara go bhfuil sé éigeantach cóip de cheanntásc ráitis bainc a chur faoi iamh lena bhfíoraítear sealbhóir(í) an chuntais agus IBAN mura bhfuil do shonraí IBAN curtha ar fáil agat do Coigilteas Stáit roimhe seo nó má tá cuntas bainc éagsúil agat ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc.
2. Tabhair faoi deara le do thoil gur féidir an IBAN a chuirtear ar fáil thuas do shealúchais Choigiltis Stáit ag custaiméirí comhlíontacha reatha a shábháil agus a úsáid le haghaidh gach íocaíocht Coigiltis Stáit amach anseo.

B) Ba mhaith liom/linn duaiseanna a athinfheistiú go huathoibríoch i nDuaisbhannaí. ☐

Cuid 3 - Seicliosta don Doiciméadú

Foirm Iarratais Chomhlánaithe do Dhochar Díreach Duaisbhannaí (lena n-áirítear Sainordú Dochair Dhírigh SEPA) ☐ | Cruthúnas ar IBAN (Más infheidhme - féach nóta 1 thuas) ☐

Cuid 4 - Dearbhú agus Síniú - Léigh mé/muid agus Glacaimid leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta reatha agus na Coinníollacha Sonracha lena n-áirítear úsáid UPSP. Sínigh agus dátaigh. Síniú toilithe an Tuismitheora/Chaomhnóra ainmnithe atá ag teastáil do Mhionaoiseach (níos lú ná 18 mbliana d'aois)

Síniú an 1ú Sealbhóir Ainmnithe | **Dáta**

Síniú an 2ú Sealbhóir Ainmnithe | **Dáta**

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra | **Dáta**

SAINORDÚ DOCHAIR DHÍRIGH SEPA

TAGAIRT SAINORDAITHE UATHÚIL (OIFIG AMHÁIN) P Z B

AITHEANTÓIR CREIDIÚNAITHE I E 1 9 Z Z Z 3 0 0 6 8 1

Tríd an bhfoirm shainordaithe seo a shíniú, údaraíonn tú (A) do GBCN agus/nó dá gníomhairí, lena n-áirítear Cuideachta na nDuaisbhannaí, treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun do chuntas a dhochar agus (B) do bhanc do chuntas a chur chun dochair de réir na treorach ó GBCN agus/nó óna gníomhairí lena n-áirítear Cuideachta na nDuaisbhannaí.

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíocht a fháil ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Ní mór aisíocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtaine ón dáta a cuireadh do chuntas chun dochair.

Tabhair do d'aire: mínítear do chearta maidir leis an sainordú thuas i ráiteas gur féidir leat a fháil ó do bhanc.

COMHLÁNAIGH NA RÉIMSÍ MARCÁILTE* GO LÉIR A LEANAS

AINM(NEACHA) SEALBHÓIR(Í) CUNTAIS BAINC* (Ainm ar chuntas an fhéichiúnaí)

SEOLADH AN TSEALBHÓRA/ NA SEALBHÓIRÍ CUNTAIS BAINC*

CATHAIR agus ÉIRCHÓD

TÍR*

UIMHIR IBAN SHEALBHÓIR CUNTAIS BAINC*

IONTRÁIL AN UIMHIR IBAN ÓN MBOSCA BARR AR CHLÉ

CÓD AITHEANTAIS SEALBHÓIR(Í) CUNTAIS BAINC - BIC/SWIFT*

AINM AN CHREIDIÚNAÍ (SEOL AR AIS CHUIG) CUIDEACHTA NA NDUAISBHANNAÍ DAC, URLÁR 3B, ARD-OIFIG AN PHOIST, SRÁID UÍ CHONAILL ÍOCHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1, ÉIRE, D01 F5P2.

CINEÁL ÍOCAÍOCHTA: ÍOCAÍOCHT ATHFHILLTEACH ☑

SÍNIÚ(SÍNITHE) SEALBHÓIR(Í) CUNTAIS BAINC* (SÍNITHEOIRÍ ÚDARAITHE AR CHUNTAS BAINC FÉICHIÚNAITHE AR CHLÉ)

1.

2.

DÁTA AN TSÍNITHE/NA SÍNITHE* L L M M B B B B

Ní mór cóip de ráiteas bainc lena bhfíoraítear an cuntas ar a bhfuil na Dochair Dhíreacha le tarraingt a chur faoi iamh leis an bhfoirm seo.

Ireland State Savings
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

TÁBHACHTACH

Ní mór duit na Nótaí ar an leathanach seo a léamh agus go háirithe Roinn 4 'Dearbhú agus Síniú' sula gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais seo.

Nótaí

1. Fianaise Aitheantais & Faisnéis Eile

1.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) ó am go ham chun críocha:
(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);
(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

1.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú:
(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó
(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí agus/nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an an Roinn Coimirce Sóisialaí duit.)

1.3 I gcás nár thug tú fianaise aitheantais sásúil chun na gcríoch atá leagtha amach i gcoinníoll 1.1, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go mbeidh do chéannacht deimhnithe chun ár sástachta.

1.4 Is féidir go n-éileoimis ort faisnéis áirithe eile a sholáthar dúinn faoi do náisiúntacht, stádas fostaíochta, foinse cistí (m.sh. coigilteas nó ioncam) agus faisnéis eile chun críocha chomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha.

1.5 Áit a n-éilítear ort faisnéis a sholáthar de bhun choinníoll 1.4 agus nach bhfuil sé sin déanta agat cuirfimid comhairle ort agus ní leanfaimid ar aghaidh le d'iarratas ar Tháirge a cheannach go dtí go soláthraítear an fhaisnéis a iarrtar dúinn.

2. Sonraí Pearsanta

2.1 Leagann an coinníoll 2 seo (Sonraí Pearsanta) amach achoimre de na sonraí pearsanta a d'fhéadfaimis a phróiseáil fút féin i dtaca leis na Táirgí, mar aon le hachoimre ar do chearta um chosaint sonraí. Tá cóip iomlán dár Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit ar fáil ag https://www.statesavings.ie/help-support/help-articles/state-savings-data-protection-statement. Dá mb'fhearr leat cóip chrua den Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit a fháil is féidir leat scríobh chugainn freisin chun cóip a iarraidh ag Oifigeach Cosanta Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

2.2 Is é an GBCN Rialaitheoir (mar a shainítear é sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus chun na críche sin) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa GBCN chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an GBCN agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

2.3 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 1 (Fianaise Aitheantais & Faisnéis Eile):
(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;
(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

2.4 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 2.3.

2.5 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

2.6 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit na hÉireann agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear reachtaíocht a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí).

2.7 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

2.8 Faoi réir eisceachtaí áirithe i ngach cás, tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, srianadh a iarraidh maidir leis an úsáid a bhaintear as do shonraí pearsanta, do thoiliú a aistarraingt maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, áit a mbraithimid ar do thoiliú chun iad a phróiseáil, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Feic www.dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

3. Teorainneacha

3.1 Díoltar Duaisbhannaí in aonaid €6.25. Tá ceannachán íosta de €25 ann (4 aonad). Tabhair do d'aire nach féidir ceannacháin Duaisbhannaí a chlárú ná a iontráil sa chrannchur seachtainiúil go dtí go mbíonn an ceanglas riachtanach fíoraithe comhlánaithe (nóta 1).

3.2 Is é €250,000 an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i d'ainm ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh.

3.3 Is é €500,000 an uasteorainn sealbhaíochta do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i gcomhainmneacha ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin.

3.4 Chun críocha uasteorainn sealúchais do Chomhshealbhóirí i nDuaisbhannaí nuachláraithe ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh a ríomh, measfar an méid a shealbhaítear i gcomhpháirt a bheith faoi chomh-úinéireacht ag gach Comhshealbhóir agus déanfar é a roinnt go cothrom idir gach duine de na Comhshealbhóirí.

3.5 Ceadaítear d'aistrithe a eascraíonn as sealúchais ó oidhreacht dul thar an uasteorainn sealúchais ach tá gach aistriú eile faoi réir na huasteorann sealúchais.

3.6 Féadfaidh tú, laistigh de 30 lá ó lá an chrannchuir ina mbuann tú duais, d'airgead buaite a athinfheistiú i nDuaisbhannaí nua. Tá airgead buaite a athinfheistítear i nDuaisbhannaí saor ón Uasteorainn Sealúchais. Féach freisin 3.7.

3.7 Chun críocha uasteorainn sealúchais chomhiomlán aon duine aonair i nDuaisbhannaí a ríomh, cuirfear aon bhannaí a shealbhaítear de réir choinníollacha 3.5 agus nó 3.6 le haon bhannaí a cheannaigh an duine aonair ar an 1 Samhain 2015 nó dá éis. Má shroicheann nó má sháraíonn an duine aonair an uasteorainn sealúchais, ní chlárófar aon Duaisbhannaí breise don duine sin.

3.8 Sa chás go mbriseann tú Duaisbhannaí agus go n-úsáideann tú na fáltais chun Duaisbhannaí nua a cheannach beidh an ceannach nua seo faoi réir na dteorainneacha.

3.9 Sa chás go bhfaightear iarratas chun Duaisbhannaí a cheannach a mbeidh sé de thoradh air go sáróidh aon pháirtí aonair den iarratas a n-uasteorainn, sa chás sin beidh an Chuideachta Duaisbhannaí i dteagmháil leis an sealbhóir lenár nósanna imeachta agus a roghanna a chur in iúl dóibh.

4 Aistriú Bainc

4.1 Íocfar airgead chuig an IBAN a tugadh sa phainéal Treoir Aistriú Bainc ar an bhfoirm seo. Féadfar an IBAN a thug tú a shábháil le haghaidh íocaíochtaí leat amach anseo a bhaineann le Coigilteas Stáit. Ní mór don IBAN a thugtar a bheith in ainmneacha duine amháin ar a laghad de shealbhóirí an chuntas Coigilteas Stáit. Má chuirtear IBAN ar fáil do chuntas bainc (a) nach bhfuil in ainm gach sealbhóir cuntais Coigiltis Stáit nó (b) atá in ainmneacha tríú páirtithe sa bhreis ar shealbhóir(í) an chuntais Coigiltis Stáit, trí shíniú sa Phainéal Treorach Aistriú Bainc tá tú ag údarú na cistí a íoc leis an IBAN seo. Ní bheidh GBCN ná a gníomhairí faoi dhliteanas (i gconradh, tort nó eile) as aon chaillteanas nó damáiste a bhainfidh tú amach sa chás go bhfuil an IBAN nó sonraí an chuntais a chuir tú ar fáil mícheart nó go gcuirtear ar fáil iad in earráid. Murar thug tú do shonraí IBAN do Choigiltis Stáit cheana nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocaíocht roimhe seo trí aistriú bainc, ní mór duit cóip de cheanntásc ráiteas bainc a chur faoi iamh (dátaithe laistigh de 12 mhí anuas) chun an IBAN agus ainm an chuntais a fhíorú. D'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar an bpróiseas íocaíochta mura gcuirtear an cruthúnas riachtanach ar ráiteas bainc ar fáil.

5 Slánaíocht

5.1 Tríd an bhfoirm seo a shíniú aontaíonn tú GBCN agus a gníomhairí a shlánú agus GBCN agus a gníomhairí a choinneáil slánaithe ó agus i gcoinne imeachtaí, éilimh, caillteanas agus/nó damáiste ar bith a thagann chun cinn, a fhulaingeoidh GBCN nó a gníomhairí de bharr íocaíocht cistí isteach cuntas atá ainmnithe agat.

Nótaí Eile

6 Tá Duaisbhannaí á dtairiscint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Aire Airgeadais. Gníomhaíonn an Chuideachta Duaisbhannaí Teo mar ghníomhaire an GBCN i bhfeidhmiú Scéim na nDuaisbhannaí.

7 Forchoimeádann GBCN agus a Ghníomhaire An Chuideachta Duaisbhannaí an ceart dá lánrogha féin diúltú d'aon iarratas ceannacháin agus an tsuim cheannacháin a aisíoc le hiarratasóirí ar Dhuaisbhannaí.

8 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat in Oifig Poist tabharfar Admháil Cheannacháin duit. Eiseofar an Chairt Duaisbhannaí féin chuig Sealbhóir(í) ainmnithe na mBannaí laistigh de 10 lá oibre ar an gcoinníoll go bhfuil na ceanglais fíoraithe riachtanacha comhlíonta (nóta 1).

9 Is féidir Duaisbhannaí a chlárú in ainm nó i gcomh-ainmneacha, gan dul thar dhá ainm. Ná hiontráil grúpaí ar nós 'Teaghlach' srl. Ní mór a chinntiú go bhfuil Ainm(neacha), Seoladh/Seoltaí agus Dáta(í)Breithe iomlána agat

10 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat mar bhronntanas úsáid an Fhoirm Iarratais Ceannachán Bronntanais

11 Má tá Duaisbhannaí á gceannach agat i d'ainm féin, sínigh an fhoirm. Éilímid an dá shíniú i gcás comh-cheannacháin.

12 Eiseofar an Chairt Duaisbhannaí, ar a mbeidh Sraithuimhreacha na mbannaí, díreach chuig na Sealbhóirí Bannaí, agus is ceart dóibh iad a choinneáil go sábháilte le húsáid amach anseo. I gcás chomhshealúchais, seolfar na Duaisbhannaí chuig an chéad sealbhóir ainmnithe.

13 Is féidir Duaisbhannaí a choinneáil go deo, ach ní mór iad a choinneáil ar feadh 90 lá ar a laghad. Tabharfar fógra ar an bpost nó ar líne do gach buaiteoir ag an seoladh reatha atá cláraithe acu. Ba cheart do Shealbhóirí Bannaí Coigilteas Stáit a chur ar an eolas faoi ainm nua agus/nó seoladh nua trí Fhoirm um Athrú Ainm agus/nó Seolta a líonadh isteach agus a chur isteach. Tá an fhoirm sin le fáil ar líne nó in Oifig an Phoist.

14 I gcás go mbuann tú duais cuirfear fógra chugat ar an bpost nó ar líne. Is féidir leat do dhuais(eanna):
(a) a lóisteáil i do chuntas bainc.
(b) a athinfheistiú i nDuaisbhannaí.
Féach an fhoirm iarratais, roinn 2.

15 Déantar luach an duaischiste mhíosúil a athríomh gach mí ag tús na míosa trí ráta athraitheach úis a chur i bhfeidhm ar luach na nDuaisbhannaí uile atá amuigh ag deireadh na míosa roimhe sin. Ní íoctar aon ús le sealbhóirí Bannaí. Ina ionad sin, íoctar an t-ús isteach sa duaischiste míosúil, le dáileadh ar bhuaiteoirí sa chrannchur seachtainiúil.
Féadfaidh GBCN líon agus luach na nduaiseanna a athrú ag am ar bith agus fógrófar aon athruithe sna príomhnuachtáin laethúla agus ar www.StateSavings.ie.

16 Le haghaidh Dochar Díreacha comhlánaigh agus sínigh Iarratas ar Dhochar Díreach Duaisbhannaí ag tabhairt uimhir BIC agus IBAN an chuntais a bhfuil na dochair le déanamh as. Is ceart sonraí suim an dochair a iontráil ar chúl na foirme. Ní mór cóip de ráiteas bainc a fhíoraíonn an cuntas a bhfuil na Dochair Dhíreacha le tarraingt as a chur faoi iamh leis an bhfoirm. Cuirfear uimhir thagartha uathúil agus dáta tosaigh, ar a dtosófar na n-asbhaintí míosúla athfhillteacha, in iúl duit.

17 Mura bhfaightear íocaíocht nó murar féidir í a imréiteach, cealófar na bannaí agus ní fhabhrófar aon duaiseanna.

18 Níl na duaiseanna buaite faoi réir cánach ach d'fhéadfadh dliteanais chánach eile a bheith agat ag brath ar do chúinsí sonracha (i.e. bronntanais/oidhreacht). Mholfaimis duit dá bhrí sin dul i gcomhairle le do chomhairleoir cánach.

Sonraí Teagmhála Coigilteas Stáit – Duaisbhannaí

Teileafón: 0818 20 50 60 / 01 705 7200

Ríomhphost: PrizeBonds@StateSavings.ie

Gréasán: www.StateSavings.ie

Is féidir ceannacháin teileafóin a dhéanamh le Carta Dochair Dhírigh ag 0818 20 50 60

Seol foirmeacha iarratais sa phost chuig:
Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist,
Saorphost, BÁC 1, D01 F5P2

Le haghaidh aisíocaíochtaí, athrú seolta, duaiseanna a éileamh agus comhfhreagras ginearálta postáil chuig:
Coigilteas Stáit, Duaisbhannaí, Ionad Fexco,
Cill Orglan, Saorphost, Co. Chiarraí, V93 WN9T.

Postáil an fhoirm seo chuig: Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Saorphost, BÁC 1, D01 F5P2

SEALBHÓIR DUAISBHANNA (1) AINM (MÁ TÁ ÉAGSÚIL Ó SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS THALL)

SEALBHÓIR DUAISBHANNA (1) SEOLADH (MÁ TÁ ÉAGSÚIL Ó SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS THALL)

ÉIRCHÓD

SEALBHÓIR DUAISBHANNA (2) AINM (MÁ TÁ ÉAGSÚIL Ó SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS THALL)

SEALBHÓIR DUAISBHANNA (2) SEOLADH (MÁ TÁ ÉAGSÚIL Ó SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS THALL)

ÉIRCHÓD

UIMH. CHUNTAS CUSTAIMÉARA DUAISBHANNAÍ

LUACH NA HÍOCAÍOCHTA* € .

M M B B
(AN CHÉAD ÍOCAÍOCHT Ó)

IS É €1,000 AN T-UASMHÉID DON DOCHAR DÍREACH

Féach sonraí le haghaidh Dochar Díreach thall →

FÉADFAIDH BAINC/CUMAINN FOIRGNÍOCHTA DIÚLTÚ DO THREORACHA MAIDIR LE DOCHAIR DHÍREACHA A ÍOC AS CINEÁLACHA ÁIRITHE CUNTAIS.